C/2024/1989

12.3.2024

Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/1989)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

'Bingöl Balı'

Uimh. AE: PDO-TR-02886 – 5.1.2023

ATFC (x) TGFC ( )

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Bingöl Balı'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Tuirc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-ábhar**

3.1. *An cineál táirge*

Aicme 1.4. Táirgí eile de thionscnamh ainmhíoch (uibheacha, mil, táirgí éagsúla déiríochta seachas im, etc.)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is mil pholaflórach é 'Bingöl Balı' a fhaightear ón limistéar geografach a shonraítear i Roinn 4. Féadann a dath a athrú ó ómra éadrom go ómra dorcha. Tá sé ar an margadh mar chíor mheala agus mar mhil a bhaintear. Sa táirgeadh, úsáidtear na pórtha beach *Apis mellifera* anatoliaca, *A. mellifera* caucasica, *A. mellifera* meda agus a n-hibridí.

Is iad seo a leanas saintréithe pailine 'Bingöl Balı'.

i) Ba cheart ceann amháin ar a laghad de na tacsóin ghaolmhara a bheith san áireamh sa phailin: *Astragalus* sp. (bleachtphiseán), *Centaurea* sp. (dréimire Muire), *Hypericum* sp. (luibh Eoin Baiste), *Trifolium* sp. (seamair) agus *Xeranthemum* sp. (neamhbhásmhar nó buan bliantúil),

ii) Ba cheart go gcomhlíonfadh an phailin freisin an speictream pailine a liostaítear i dTábla 2 (níl gá leis na tacsóin pailine liostaithe go léir a bheith ann le chéile).

Tábla 1

Saintréithe fisiceimiceacha 'Bingöl Balı'

Gné	Luach
Bogthaise (% ar a mhéad)	18 %
Siúcrós (g/100 g; uasmhéid)	3g/100g
Fruchtós+Glúcós (g/100g; íosmhéid)	65g/100g
Fruchtós/Glúcós	1,00-1,30
Máltós (% ar a mhéad)	4 %

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj

Substaint atá dothuaslagtha in uisce (g/100g; uasmhéid)	0,1g/100g
Saoraigéadacht (meq/kg; uasmhéid)	40 meq/kg
Seoltacht leictreach (mS/cm; uasmhéid)	0,8mS/cm
Líon na ndiastáiseanna (íosta)	15
HMF (mg/kg; uasmhéid)	20 mg/kg
$\delta^{13}C_{mil}$	- 23 nó níos ísle
$\delta^{13}C_{próitéin} - \delta^{13}C_{mil}$	– 1,0 nó níos airde
$C_{4\ shiúcra}$(uasta)	7 %
Próilín (mg/kg; íosmhéid)	450

Tábla 2

Saintréithe meilise-phailineolaíocha 'Bingöl Balı'

	Tacsón	Fine	Cion Pailine (Príomhúil: ≥ 45 %, Tánaisteach: 16 - 44 %, Beag: 3 - 15 %, Rian: <3)
1.	*Acanthus* sp.	Acanthaceae	Beag, rian
2.	*Sambucus* sp.	Adoxaceae	Beag, rian
3.	*Allium* sp.	Amaryllidaceae	Beag, rian
4.	*Rhus* sp.	Anacardiaceae	Beag, rian
5.	Apiaceae	Apiaceae	Rian
6.	*Chaerophyllum* sp.	Apiaceae	Rian
7.	*Eryngium campestre*	Apiaceae	Tánaisteach, beag, rian
8.	*Pimpinella* sp.	Apiaceae	Príomhúil, rian
9.	*Achillea* sp.	Asteraceae	Beag, rian
10.	*Anthemis* sp.	Asteraceae	Rian
11.	*Artemisia* sp.	Asteraceae	Tánaisteach, rian
12.	*Carduus* sp.	Asteraceae	Rian
13.	*Cichorium* sp.	Asteraceae	Tánaisteach, beag, rian
14.	*Cirsium* spp.	Asteraceae	Beag, rian
15.	*Cirsium yildizianum*	Asteraceae	Tánaisteach, rian
16.	*Crepis* sp.	Asteraceae	Tánaisteach, beag, rian
17.	*Echinops* sp.	Asteraceae	Beag, rian
18.	*Gundelia* sp.	Asteraceae	Rian
19.	*Helichrysum* sp.	Asteraceae	Príomhúil, tánaisteach, beag, rian
20.	*Leontodon* sp.	Asteraceae	Rian
21.	*Onopordum* sp.	Asteraceae	Rian
22.	*Ptilostemon* sp.	Asteraceae	Rian
23.	*Senecio* sp.	Asteraceae	Rian

24.	*Taraxacum* sp.	Asteraceae	Beag, rian
25.	*Xanthium* sp.	Asteraceae	Rian
26.	*Alkanna* sp.	Boraginaceae	Rian
27.	*Anchusa* sp.	Boraginaceae	Rian
28.	*Cerinthe minor*	Boraginaceae	Rian
29.	*Echium* sp.	Boraginaceae	Beag, rian
30.	*Myosotis* sp.	Boraginaceae	Beag, rian
31.	*Onosma* sp.	Boraginaceae	Rian
32.	*Campanula* sp.	Campanulaceae	Beag, rian
33.	*Campanula* sp.	Campanulaceae	Beag, rian
34.	*Cephalaria* sp.	Caprifoliaceae	Beag, rian
35.	*Dipsacus* sp.	Caprifoliaceae	Rian
36.	*Scabiosa* spp.	Caprifoliaceae	Rian
37.	*Valeriana* sp.	Caprifoliaceae	Rian
38.	*Dianthus* sp.	Caryophyllaceae	Beag
39.	*Saponaria* sp.	Caryophyllaceae	Rian
40.	*Silene* sp.	Caryophyllaceae	Rian
41.	Caryophyllaceae/ Amaranthaceae	Caryophyllaceae/ Amaranthaceae	Tánaisteach, beag, rian
42.	*Chenopodium* sp.	Chenopodiaceae	Beag, rian
43.	*Convolvulus* sp.	Convolvulaceae	Tánaisteach, rian
44.	*Cornus* sp.	Cornaceae	Rian
45.	*Sedum* sp.	Crassulaceae	Beag,
46.	*Eleagnus* sp.	Eleagnaceae	Rian
47.	*Euphorbia* sp.	Euphorbiaceae	Rian
48.	*Coronilla* sp.	Fabaceae	Beag, rian
49.	*Genista* sp.	Fabaceae	Rian
50.	*Hedysarum* sp.	Fabaceae	Beag, rian
51.	*Lathyrus* sp.	Fabaceae	Rian
52.	*Lotus* sp.	Fabaceae	Príomhúil, tánaisteach, beag, rian
53.	*Medicago* sp.	Fabaceae	Beag
54.	*Melilotus* sp.	Fabaceae	Tánaisteach, beag, rian
55.	*Onobrychis* sp.	Fabaceae	Rian
56.	*Robinia pseudoacacia*	Fabaceae	Rian
57.	*Securigera* sp.	Fabaceae	Beag
58.	*Vicia* spp.	Fabaceae	Rian

59.	Geranium sp.	Geraniaceae	Rian
60.	Lamiaceae	Lamiaceae	Beag, rian
61.	*Lamium macrodon*	Lamiaceae	Tánaisteach, beag
62.	*Lamium* sp.	Lamiaceae	Príomhúil, tánaisteach, beag, rian
63.	*Marrubium* sp.	Lamiaceae	Rian
64.	*Mentha* sp.	Lamiaceae	Rian
65.	*Nepeta* sp.	Lamiaceae	Rian
66.	*Origanum* sp.	Lamiaceae	Beag, rian
67.	*Phlomis* sp.	Lamiaceae	Beag, rian
68.	*Salvia* sp.	Lamiaceae	Rian
69.	*Teucrium* sp.	Lamiaceae	Beag, rian
70.	*Thymus* spp.	Lamiaceae	Rian
71.	*Lythrum salicaria*	Lythraceae	Beag, rian
72.	*Alcea* sp.,	Malvaceae	Rian
73.	*Malva* sp.	Malvaceae	Rian
74.	*Tilia* sp.	Malvaceae	Rian
75.	*Morus* sp.	Moraceae	Rian
76.	*Epilobium* sp.	Onagraceae	Rian
77.	*Corydalis* sp.	Papaveraceae	Rian
78.	*Papaver* sp.	Papaveraceae	Rian
79.	*Linaria* sp.	Plantaginaceae	Beag, rian
80.	*Plantago lanceolata*	Plantaginaceae	Príomhúil, tánaisteach, beag, rian
81.	*Acantholimon* sp.	Plumbaginaceae	Rian
82.	*Polygala* sp.	Polygalaceae	Rian
83.	*Polygonum* sp.	Polygonaceae	Rian
84.	*Rheum* sp.	Polygonaceae	Rian
85.	*Rumex* sp.	Polygonaceae	Rian
86.	*Portulaca* sp.	Portulacaceae	Rian
87.	*Lysimachia* sp.	Primulaceae	Rian
88.	*Ranunculus* sp.	Ranunculaceae	Rian
89.	*Paliurus spina christi*	Rhamnaceae	Rian
90.	*Cerasus* sp.	Rosaceae	Rian
91.	*Filipendula* sp.	Rosaceae	Beag, rian
92.	*Fragaria* sp.	Rosaceae	Rian
93.	*Potentilla* sp.	Rosaceae	Tánaisteach, beag, rian

94.	*Prunus* sp.	Rosaceae	Rian
95.	*Pyrus* sp.	Rosaceae	Rian
96.	*Rosa canina*	Rosaceae	Beag, rian
97.	Rosaceae	Rosaceae	Tánaisteach, beag, rian
98.	*Rubus* sp.	Rosaceae	Rian
99.	*Sanguisorba* minor	Rosaceae	Beag, rian
100.	*Galium* sp.	Rubiaceae	Beag, rian
101.	*Citrus* sp.	Rutaceae	Beag, rian
102.	*Salix* sp.	Salicaceae	Beag, rian
103.	*Verbascum* spp.	Scrophulariaceae	Príomhúil, tánaisteach, beag, rian
104.	*Eremurus* sp.	Xanthorrhoeaceae	Rian

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim táirgthe, próiseála agus ullmhúcháin a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Díoltar an mhil i bprócaí gloine 1 kg ar a mhéad.

Díoltar an chíor mheala i bpacáistíocht dhronuilleogach, chearnach nó laicearaithe 3-5 kg, atá oiriúnach le haghaidh teagmhála le bia.

Ní mór an mhil a chuirtear ar díol a chosaint ar sholas gréine díreach agus a stóráil in áiteanna glana agus tirime í nach mó ná 20 °C a dteocht inmheánach, saor ó bholadh.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an t-ainm 'Bingöl Balı' agus ceann de na lógónna 'Bingöl Balı' seo a leanas a bheith le fáil ar phacáistiú an táirge.





4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cumhdaíonn an limistéar geografach críochaithe na sráidbhailte agus na bailte uile a bhaineann le cúige Bingöl san Anatóil Thoir sa Tuirc.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an t-iarratas ar chlárú an ainmniúcháin tionscnaimh 'Bingöl Balı' bunaithe ar cháilíocht agus ar shaintréithe sonracha an táirge amháin, a eascraíonn as na gnéithe nádúrtha agus daonna atá sa limistéar geografach.

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tá sléibhte timpeall ar chúige Bingöl. Is iad na príomhaonaid mhoirfeolaíocha ardchláir bholcánacha ag ingearchlónna éagsúla i limistéir shléibhtiúla ar fud an chúige, gleannta a dhéantar as sruthanna a ghearrann trí limistéir shléibhtiúla agus a shocraíonn ar fhabhtlínte, agus machairí agus báisíní a dhéantar mar gheall ar ghníomhaíocht theicteonach i measc maiseanna sléibhtiúla. Mar thoradh ar airdí agus ar thírghnéithe a athraíonn thar achair ghearra tá éagsúlacht ann sa topagrafaíocht, sna gnéithe aeráide agus san fhásra.

Mar thoradh ar an bháisteach bhliantúil agus an líon ard laethanta grianmhara i Bingöl tá flóra saibhir ag an limistéir gheografaigh. Daracha (*Quercus petraea subsp. pinnatiloba* (K.Koch) Menitsky agus *Quercus libani Oliv.)* den chuid is mó a dhéanann an clúdach i limistéir foraoise. I gceantair steipe, tá na speicis bleachtphiseáin *Astragalus muschianus* Kotschy & Boiss. ex Boiss. agus *Astragalus gummifer Labill.* flúirseach.

Ós rud é gurb é 1 500 -2 000 m meán-airde an ardchláir, tá tréimhse an tsamhraidh fionnuar agus tá tréimhse an bhláthaithe fada. Fágann sé sin go gcruthaítear láithreáin nádúrtha neadaithe is féidir a úsáid ó mí an Mheithimh go mí Dheireadh Fómhair i dtéarmaí gníomhaíochtaí beachaireachta. Ina theannta sin, cuireann sé limistéir áitiúla foscúla ar fáil chun beachaireacht a dhéanamh.

De bharr nach bhfuil fiontair tionscail troma in Bingöl, tá na hacmhainní ithreach agus uisce glan i gcónaí.

Sainiúlacht an táirge

Tá áit thábhachtach ag cúige Bingöl le haghaidh gníomhaíochtaí beachaireachta maidir lena shuíomh, a choinníollacha nádúrtha agus a luachanna táirgthe. Tá Bingöl suite in oirthear an Trasnáin Anatólaigh i réigiún fhlóra na hIaráine agus na Tuirce, le topagrafaíocht ar leith i gcomparáid leis an réigiún máguaird agus leis an tír, agus tá acmhainneacht mhór beachadóireachta aige mar gheall ar a éagsúlacht shaibhir bhláthach agus a raon leathan tréimhsí bláthaithe. Dá bharr sin, tá éagsúlacht plandaí shaibhir ag cúige Bingöl agus léiríonn sé ráta ard eindéimeachta. Tá thart ar 1 700 speiceas plandaí ann, a bhfuil 300 díobh eindéimeach in Bingöl. Ina theannta sin, tá níos mó ná 200 tacsón plandaí cláraithe mar phlandaí beach le hanailísí meilise-phailineolaíoch. Is iad na príomhtheaghlaigh plandaí i measc na bplandaí beach sin Asteraceae (teaghlach na Nóiníní), Fabaceae (teaghlach na Léagúm) agus Hypericaceae (teaghlach luibh Eoin Baiste). Dar ndóigh, léirítear an éagsúlacht bhláthúil seo i dtionscnamh luibheolaíoch 'Bingöl Balı'.

Ó thaobh na luibheolaíochta de, tá an cion ard pailine ina saintréith de chuid 'Bingöl Balı', lena n-áirítear ceann amháin ar a laghad de na tacsóin ghaolmhara a bheith ann; *Astragalus* sp. (bleachtphiseán), *Centaurea* sp. (dréimire Muire), *Hypericum* sp. (luibh Eoin Baiste), *Trifolium* sp. (seamair) agus *Xeranthemum* sp. (neamhbhásmhar nó buan bliantúil) agus cuid de na pailiní a léirítear i dTábla 2 faoi phointe 3.2.

An toisc dhaonna

Is foinse thábhachtach ioncaim iad gníomhaíochtaí beachaireachta, a dhéantar le blianta fada i gcúige Bingöl, don limistéar geografach.

Déantar gníomhaíochtaí beachaireachta den chuid is mó i bhfoirm buailteachas beach. Cuirtear tús le gníomhaíochtaí na mbeachairí ag tús mhí an Mhárta, ina measc cúram a thabhairt do na gcoilíneachtaí beach agus iad a bheathú le linn an gheimhridh agus an chráinbheach a bhainistiú. Leanann an t-ullmhúchán seo ar aghaidh go dtí lár mhí na Bealtaine. Is féidir leis na beachairí a gcuid beacha a athlonnú laistigh den limistéar geografach i mí na Bealtaine, ag brath ar an ráta sreafa neachtair.

Braitheann athrú suíomh na mbeach ar airde den chuid is mó. Éiríonn an fásra níos teirce os cionn 1 100 m, mar sin bogann na beacha go airde 1 900 m agus níos airde, achar 3-4 km ó na lonnaíochtaí, i dtreo foinsí uisce nádúrtha, agus limistéir ina bhfuil raidhse neachtair agus sreabha pailine.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

—